Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14368/21**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0384(COD)**

**EF 366**
**ECOFIN 1168**
**CODEC 1546**
**IA 192**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 347 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí margaidh a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ann ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíochtaí a fháil as orduithe cliant a chur ar aghaidh Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 347 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 347 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
SWD(2021) 347 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le trédhearcacht sonraí margaidh a fheabhsú, deireadh a chur leis na bacainní atá ann ar theacht chun cinn teilitéipe comhdhlúite, na ceanglais trádála a bharrfheabhsú agus toirmeasc a chur ar íocaíochtaí a fháil as orduithe cliant a chur ar aghaidh**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais**

{COM(2021) 727 final} - {SEC(2021) 573 final} - {SWD(2021) 346 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR)

### A. An gá atá le beart

#### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Leis an athbhreithniú ar MiFIR téitear i ngleic le **trí fhadhb** atá i réim i margaí caipitil an Aontais: (1) **an riosca leachtachta agus forghníomhaithe trádála le haghaidh na rannpháirtithe uile sa mhargadh caipitil**; (2) **ardchostas i sonraí comhdhlúite an mhargaidh**; agus (3) **easpa cás gnó chun sonraí a chomhdhlúthú**. Mar gheall ar MiFID a d'oscail d'iomaíocht i dtrádáil ar ionstraimí airgeadais (amhail scaireanna, bannaí agus díorthaigh), déanann go leor ardán ionstraimí airgeadais comhionanna a thrádáil anois. Fágann sé sin go bhfuil an trádáil níos saoire ach go bhfuil sí scaipthe thar níos mó ná 400 margadh trádála ar fud an Aontais freisin. Maidir leis na sonraí margaidh a bhfuil gá ag infheisteoirí leo chun a gcinntí trádála a bhunú, fágann an ilroinnt sin go bhfuil siad scaipthe freisin. Níl na hacmhainní ceannaigh ach ag na **gairmithe margaidh is sofaisticiúla** (trádálaithe ardmhinicíochta agus bainc infheistíochta mhóra). Níl dearcadh cuimsitheach ag **formhór na ngnáthinfheisteoirí ná ag a mbróicéirí** ar mhargaí trádála an Aontais agus is minic a dhéanann siad cinntí infheistíochta bunaithe ar dhearcadh páirteach ar an margadh.

#### Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Cé go n-áirítear creat bunúsach le haghaidh **teilitéip chomhdhlúite** (teilitéip) in MiFIR cheana féin, níor tháinig aon soláthraí teilitéipe comhdhlúite chun cinn maidir le haon aicme sócmhainní toisc nach bhfuil aon luach saothair tráchtála ann, toisc gur gá socruithe ceadúnúcháin aonair a thabhairt i gcrích agus toisc go bhfuil cáilíocht na sonraí idirbhirt neamhleordhóthanach. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún MiFIR a leasú chun teilitéip chomhdhlúite a chruthú go héifeachtach arb é is aidhm di an riosca leachtachta agus forghníomhaithe trádála a laghdú le haghaidh na rannpháirtithe uile sa mhargadh. Chuige sin, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gcreat nua cáilíocht sonraí an mhargaidh a fheabhsú agus an bealach a réiteach do chomhdhlúthú shonraí an mhargaidh ar thaobh amháin. Ar an taobh eile, ba cheart go n-éascófaí ceadúnú sonraí margaidh agus go soláthrófaí cás gnó leis le haghaidh comhdhlúthú sonraí margaidh.

#### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Le teilitéip, comhdhlúthaítear sonraí lárnacha margaidh le haghaidh ionstraim airgeadais ar leith a thrádáiltear thar go leor ionad san Aontas. Dá bhrí sin, tá teilitéip chomhdhlúite ceaptha chun trédhearcacht agus muinín i margadh an Aontais a mhéadú agus chun rochtain ar shonraí lárnacha margaidh a dhaonlathú. De bharr na hinfheidhmeachta dírí ar fud an Aontais, bheadh bunú teilitéipe níos tapa agus níos éifeachtúla ná mar a bheadh sé dá ndéanfaí tionscnaimh atá cosúil léi ar leibhéal na mBallstát.

### B. Réitigh

#### Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Scrúdaítear dhá shraith roghanna sa tuarascáil, agus tá beart leibhéal 2 ag gabháil leo uile **lena gcomhchuibhítear na réimsí sonraí margaidh** le haghaidh **ranníocaíochtaí éigeantacha saor in aisce** ó na hardáin forghníomhaithe uile a chuireann trádáil nó trádáil in 'urrúis intuairiscithe' ar fáil.

**1. Roghanna chun cáilíocht sonraí margaidh a fheabhsú/comhdhlúthú sonraí margaidh a éascú ('roghanna comhdhlúthúcháin')**

Rogha 1.1 (féin-chomhiomlánú): bheadh rannpháirtithe sa mhargadh in ann clárú le ÚEUM mar **fhéin-chomhlánaitheoirí**. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas sonraí margaidh dá n-úsáid inmheánach féin a bhailiú agus a chomhdhlúthú go díreach ag a lárionad sonraí féin.

Rogha 1.2 (comhdhlúiteoirí iomaíocha): dhéanfadh **comhdhlúiteoirí sonraí margaidh iomaíocha** atá cláraithe le ÚEUM sonraí margaidh a bhailiú agus a chomhdhlúthú go díreach ag lárionad sonraí a rannpháirtí (comhdhlúthú díláraithe) rud a d'fhágfadh go mbeadh aga sonraí níos ísle ann.

Rogha 1.3 (comhdhlúiteoir malartáin). **malartáin** AE le haghaidh scaireanna nó an **príomh-lárionad leachtachta** le haghaidh bannaí agus díorthach chun na sonraí trádála uile a bhaineann leis na hurrúis a liostaíonn siad (stocmhalartáin le haghaidh scaireanna) a chomhdhlúthú nó arb iad na malartáin sin an príomhionad leachtachta ina leith (gach aicme sócmhainní eile).

Rogha 1.4 (comhdhlúiteoir aonair). Thabharfaí an cúram chun na sonraí margaidh uile a chomhdhlúthú do **chomhdhlúiteoir sonraí margaidh aonair** arna roghnú ag ÚEUM ar bhonn tairisceana. Bheadh CTP neamhspleách ar aon cheann de na rannchuiditheoirí.

Rogha 1.5 (riail an chomhchruinnithe trádála). Ní bheadh teilitéip chomhdhlúite i gceist leis an rogha seo, ach dhéanfaí ***trádáil* a chomhdhlúthú** i gcatagóir ar leith ionstraime airgeadais ar shraith theoranta ardán trádála. Trí thrádáil a chomhdhlúthú, laghdaítear foinsí sonraí margaidh agus níl an gá atá le sonraí a chomhdhlúthú chomh práinneach céanna nó bíonn sé iomarcach fiú.

Is iad Rogha **1.2** agus **Rogha 1.4** den tsraith seo na roghanna tosaíochta: comhdhlúiteoir aonair nó comhdhlúiteoir iolracha, mar aon leis an bhféidearthacht féin-chomhiomlánú (rogha **1.1.**) a dhéanamh, is iad is éifeachtaí ó thaobh bunsonraí iarthrádála a chur ar fáil do gach rannpháirtí sa mhargadh ar bhealach cothrom agus éifeachtúil, rud a mhéadaíonn trédhearcacht iarthrádála. ). Baineann buntáiste beag le Rogha 1.2 ó thaobh cáilíocht sonraí margaidh bharrmhaith agus thráthúil a bhaint amach. Ar an taobh eile, is fearr Rogha 1.4 ó thaobh an deis a thabhairt chun iontrálaí margaidh nua a roghnú mar chomhdhlúiteoir atá go hiomlán neamhspleách ar rannchuiditheoirí sonraí margaidh agus ar chuideachtaí sonraí margaidh araon.

**2. Roghanna chun ceadúnú sonraí margaidh a éascú/cás gnó a chruthú chun sonraí margaidh a chomhdhlúthú ('roghanna ceadúnúcháin')**

*Rogha 2.1 (gan táillí síntiúis reachtúla)*. **Ní bheadh aon táillí íosta síntiúis** riachtanach. Mar iarmhairt air sin, bheadh coinne leis nach gcumhdódh táillí síntiúis ach costais oibriúcháin CTP amháin rud a d'fhágfadh nach bhféadfaí ioncam a dháileadh ar rannchuiditheoirí sonraí.

*Rogha 2.2 (táille síntiúis reachtúil)*. Socraítear leis an rogha seo **íostáille síntiúis reachtúil** chun comhchoiteannacht a chruthú idir an comhdhlúiteoir/na comhdhlúiteoirí agus na rannchuiditheoirí mar cheadódh sé **athdháileadh ioncaim** ar rannchuiditheoirí sonraí margaidh.

*Rogha 2.3 (táille síntiúis reachtúil agus táille rochtana RPW)*. Socraítear leis an rogha seo **íostáille síntiúis reachtúil** (mar aon le h**athdháileadh ioncaim)** agus ionchuimsítear **táille úsáide bhreise** le haghaidh ionad a úsáideann sonraí margaidh mar **phraghas tagartha**.

Is í Rogha **2.3** den tsraith seo an **rogha thosaíochta** toisc go n-éascaítear leis sonraí margaidh níos cáilíochtúla ó na rannchuiditheoirí sonraí ach spreagann sí na rannpháirtithe sa mhargadh freisin chun margaí trédhearcacha a chur i bhfeidhm.

## Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Tacaíonn infheisteoirí, ionaid trádála mhalartacha, bainisteoirí sócmhainní, bainc, trádálaithe ardmhinicíochta agus maoirseoirí náisiúnta i gcoitinne le teilitéip chomhdhlúite a chruthú a oibreoidh eintiteas a bheadh neamhspleách ar na malartáin liostúcháin (Roghanna 1.2 agus 1.4, ní Rogha 1.3). Creideann roinnt ionadaíocht miondíola nach réiteoidh an teilitéip chomhdhlúite na fadhbanna uile a bhaineann le neamhshiméadrachtaí faisnéise sna margaí airgeadais. Na malartáin atá ann faoi láthair, tá siad amhrasach faoi theilitéip chomhdhlúite a chruthú, i ngeall ar na tionchair ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ag teilitéip chomhdhlúite tráthúil ar a dtáirgí sonraí dílseánaigh a bhaineann go sonrach le hionad. Moltar freisin sna stocmhalartáin atá ann faoi láthair go ndéanfaidh ÚEUM an soláthraí teilitéipe comhdhlúite a riar nó, ar a laghad, go ndéanfaidh sé maoirseacht air chun coinbhleachtaí leasa a bhraith.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

## Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

- Dhéanfaí léargais ar an áit is fearr agus an comhthiomsú leachtachta is doimhne in aon ionstraim airgeadais ar leith a 'dhaonlathú' le roghanna comhdhlúthúcháin 1.2 agus 1.4. Chruthófaí cothrom na Féinne leis sin: bheadh cuid den fhaisnéis mhargaidh chéanna ag infheisteoir miondíola, ag a bhróicéir, ag trádálaí atá ag obair do bhainisteoir sócmhainní beag nó do mhórbhanc nach bhfuil ag ach déantóirí margaidh níos mó faoi láthair. Sheachnófaí le teilitéip chomhdhlúite, arna soláthar ag soláthraí aonair (rogha 1.4), nó ag soláthraithe iomaíocha (rogha 1.2), go gcaillfeadh cliaint mhiondíola agus a n-idirghabhálaithe amach ar an b**praghas is fearr atá ar fáil** a fháil dá gcuid orduithe agus thabharfaí uirlis dóibh chun **comhlíonadh na rialach maidir leis an bhforghníomhú is fearr a sheiceáil**.
- Maidir le Rogha Chomhdhlúthúcháin 1.2, tá buntáiste beag aga folaigh ag baint léi toisc go bhfuil seachadadh díláraithe sonraí beagán níos cruinne i dtéarmaí aga folaigh de. Le Rogha Chomhdhlúthúcháin 1.4 tugtar an deis do ÚEUM ról an chomhdhlúiteora a bhronnadh ar iontrálaí nua ar fad.
- Leis an monatóireacht tríd an téip, **dhreasófaí bróicéirí** agus bainisteoirí sócmhainní chun iarracht ghníomhach a dhéanamh na hionstraimí is fearr a áireamh ina bpunanna agus ní hamháin iad siúd atá ar fáil ar an líon beag ionad ina bhfuil siad rannpháirteach faoi láthair.
- Trí shamhail leithdháilte ioncaim a sholáthar a fheidhmíonn mar **dhreasacht eacnamaíoch chun trádálacha a threorú chuig prótacail forghníomhaithe** ar prótacail thrédhearcacha réamhthrádála iad, d'fhéadfadh an teilitéip chomhdhlúite dreasachtaí a mhéadú chun sonraí cruinne agus tráthúla a sholáthar agus an fhormáid chomhchuibhithe sonraí á húsáid. Mar thoradh air sin, déantar dreasachtaí a ailíniú idir rannchuiditheoirí sonraí margaidh agus comhdhlúiteoirí sonraí margaidh, rud a mhéadódh muinín in oibriú mhargadh caipitil an Aontais.

## Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Rinneadh measúnú ar an gcostas oibriúcháin réamh-mheasta do sholáthraí teilitéipe comhdhlúite le haghaidh scaireanna agus bannaí mar a leanas:

| **Costais na teilitéipe cothromais (bliantúil)** | **Costais na teilitéipe bannaí nó díorthach (bliantúil)** |
|---|---|
| Costais tógála/tionscanta – EUR 0.8-2.4 milliún/bliain | Costais tógála/tionscanta – EUR 0.16-1.4 milliún/bliain |

| | |
|---|---|
| Costais oibriúcháin – EUR 1.4-5.5 milliún/bliain | Costais oibriúcháin – EUR 1.3-4 milliún/bliain |
| **Iomlán** – **EUR 2.2-7.8 milliún**/bliain | **Iomlán – EUR 1.46-5.4 milliún**/bliain |

D'fheidhmeodh an teilitéip faoi shamhail ioncaim ó na húsáideoirí, i gcás ina ngearrfadh an soláthraí teilitéipe táille EUR 100/mí 'in aghaidh an úsáideora' ar úsáideoirí gairmiúla. Ní íocfadh úsáideoirí neamhghairmiúla aon táille nó íocfadh siad EUR 1/mí ar a mhéad. Déanfar róbhrabús a athdháileadh ar rannchuiditheoirí sonraí. Léirítear leis na meastacháin ar theilitéip **chothromais** go meastar gurb é thart ar EUR 200 milliún an t-**ioncam** iomlán bliantúil ag brath ar ghnéithe sonracha na teilitéipe. Trí mheánchostais oibriúcháin bhliantúla a dhealú, rud a chiallaíonn go bhféadfaí leithdháileadh ioncaim idir **EUR 100 go 150 milliún a dháileadh ar rannchuiditheoirí sonraí** (i gcás bannaí agus díorthach, níl an spleáchas ar ioncam sonraí chomh suntasach céanna, dá bhrí sin, níor rinneadh aon ionsamhlú ioncaim maidir leis na teilitéipeanna sin).

## Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do chuideachtaí?

Bheadh an buntáiste ag baint le roghanna comdhlúthúcháin 1.1, 1.2 agus 1.4 i ndáil le **scaireanna FBManna** a liostaítear ar cheann amháin nó níos mó de na margaí rialáilte nó ar Mhargaí Fáis FBManna, go mbeadh na scaireanna sin infheicthe do gach infheisteoir agus bróicéir (neamháitiúil), nó, i gcás rogha 1.1, do fhéin-chomhiomlánaitheoirí san Aontas. Chuirfeadh sé sin le mealltacht na n-infheistíochtaí agus leis na féidearthachtaí a bhaineann lena scaireanna a áireamh i gcistí infheistíochta nó i bpunanna infheistíochta, rud a chuirfeadh, dá réir sin, le héifeachtacht na FBManna maidir le caipiteal a thiomsú.

## An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

**Ní bheidh aon tionchar díreach** ar bhuiséid náisiúnta. Éilítear le rogha 1.2 agus rogha 1.4 reachtaíocht leibhéal 2 a ghlacadh le haghaidh caighdeáin chomhchuibhithe tuairiscithe sonraí. Éileofar leis na roghanna tosaíochta freisin go mbeidh ar ÚEUM maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh.

## An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Maidir leis an **tionchar sóisialta**, d'fhéadfadh sé go dtacódh rogha 1.1, rogha 1.2 agus rogha 1.4 le cuid níos mó den daonra a bheith rannpháirteach sna margaí. Bheadh tionchair de chineál **indíreach** acu freisin mar thoradh ar mhargaí airgeadais níos éifeachtúla.

## D. Iarobair

## Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Chuirfeadh ÚEUM an chéad anailís ar fáil 24 mhí tar éis na rialacha nua a chur chun feidhme agus dhéanfaí nuashonruithe bliantúla ina dhiaidh sin.

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach